










Coláiste na nEalaíon, an Léinn Cheiltigh agus na nEolaíochtaí Sóisialta

# MA SA NUA-GHAEILGE

UCC

Coláiste na hOllscoile Corcaigh

University College Cork, Ireland



















## MA sa Nua-Ghaeilge

Cuirtear fáilte roimh iarratais ó mhic léinn atá ag iarraidh barr feabhais a bhaint amach i Léann na Gaeilge. Is iarchéim mhúinte í seo a dhíríonn ar na gnéithe is tábhachtaí de chultúr agus de litríocht na Nua-Ghaeilge. Déantar cúram ar leith den scríbhneoireacht acadúil agus den scríbhneoireacht chruthaitheach. Tugtar tacaíocht do mhic léinn a gcuid scileanna cumarsáide agus taighde a fhorbairt. Beidh deis ag gach mac léinn tabhairt faoi mhiontráchtas a scríobh (12,000-15,000 focal) ar ábhar ar bith is spéis leis/léi féin.







## Modúil riachtanacha:

**GA6001** Scríobh Acadúil na Gaeilge

**GA6037** Scileanna Taighde agus Cumarsáide

**GA6009** Miontráchtas sa Nua-Ghaeilge

## Modúil roghnacha:

**GA6038** An Fhiannaíocht

**GA6035** An Scríbhneoireacht Chruthaitheach

**GA6002** Beirt Bhanfhile: Nuala Ní Dhomhnaill agus Biddy Jenkinson

**GA6005** Filíocht Mhúscraí ón 18ú hAois Anuas

**GA6011** Scríbhinní Amhlaoibh Uí Shúilleabháin

**GA6036** Ceardlann Filíochta





Cuirfidh an iarchéim spreagúil seo punann scileanna inaistrithe ar chumas an mhic léinn a raghaidh chun tairbhe dó nó di i réimsí éagsúla sa saol gairmiúil:

**Teagasc na Gaeilge in Éirinn agus thar lear**
**Na meáin chumarsáide**
**Earnáil na Gaeilge**
**Tionscal na foilsitheoireachta**






Leagtar bunchloch fhónta sa chúrsa MA seo don té ar mhian leis/léi tabhairt faoi thaighde dochtúireachta amach anseo.


Beifear ag súil le hiarrthóirí a bhain céim de ghrád 2.1 amach ar a laghad agus cuirfear iarrathóirí faoi agallamh.











Táillí A.E.: €6,000

Scoláireachtaí taighde ar luach €1,000 ar fáil do gach mac léinn

Mic léinn iarchéime atá i dteideal deontas SUSI, féachaigí www.susi.ie

Chun a thuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le:

**Dr Ailbhe Ní Ghearbhuigh**
Ríomhphost: ailbhe.nighearbhuigh@ucc.ie

**www.ucc.ie/en/cke51/**

Déantar iarratais ar líne ag:
**www.pac.ie/ucc**



